
An Coimisiún Eorpach

# An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe

## Caidreamh nua, agus athruithe móra ann



An 1 Eanáir 2021, fágfaidh an Ríocht Aontaithe Margadh Aonair agus Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh, agus gach beartas de chuid an Aontais. Ba é sin a rogha. Dá dheasca sin, caillfidh sí na cearta agus na sochair ar fad a bhí aici ina cáil mar Bhallstát den Aontas, agus ní chumhdófar í a thuilleadh le comhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais.

Tiocfaidh athruithe forleathana as sin, rud a dhéanfaidh difear do shaoránaigh, do ghnólachtaí, d'údaráis riaracháin phoiblí agus do pháirtithe leasmhara san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon.

Chun an suaitheadh a theorannú a mhéid is féidir, tá caibidlíocht déanta ag an Aontas Eorpach agus ag an Ríocht Aontaithe le bliain anuas maidir le téarmaí "Comhaontú Trádála agus Comhair" nua chun an caidreamh a bheidh acu amach anseo a rialú, ós rud é gur tríú tír anois í an Ríocht Aontaithe.

An 24 Nollaig 2020, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal ar leibhéal na n-idirbheartaithe. Rachaidh an dá pháirtí ar aghaidh anois le síniú agus daingniú an Chomhaontaithe, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta faoi seach, d'fhonn é a chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021.

## Cad a athróidh ar an 1 Eanáir 2021?

**Fiú agus an Comhaontú nua Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agu feidhmiú, beidh athruithe móra ann an 1 Eanáir 2021.** Ar an dáta sin, fágfaidh an Ríocht Aontaithe Margadh Aonair agus Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh, agus beartais uile agus comhaontuithe idirnáisiúnta uile an Aontais. Cuirfidh sin deireadh le saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

**Dhá mhargadh ar leith** a bheidh san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe; dhá spás rialála agus dlí ar leith. Athchruthóidh sé sin bacainní – nárbh ann dóibh leis na blianta – ar thrádáil in earraí agus seirbhísí agus ar shoghluaisteacht trasteorann agus ar mhalartuithe sa dá threo, a dhéanfaidh difear d'údaráis riaracháin phoiblí, do ghnólachtaí, do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara ar an dá thaobh.

Chun cuidiú leo ullmhúchán a dhéanamh do na **hathruithe dosheachanta sin,** d'eisigh an Coimisiún treoir fhorleathan i "dTeachtaireacht Ullmhachta" arna glacadh an 9 Iúil 2020 a raibh 90 fógra earnála ag gabháil léi, atá le fáil **anseo**.

Mí na Nollag 2020

**Samplaí d'athrú dosheachanta an 1 Eanáir 2021:**

- **Tiocfaidh deireadh le saorghluaiseacht daoine:** Ní bheidh an tsaoirse ag saoránaigh na Ríochta Aontaithe a thuilleadh chun dul ag obair, dul i mbun staidéir, dul i mbun gnó ná chun cónaí san Aontas Eorpach. Beidh víosaí de dhíth orthu le haghaidh tréimhsí fanachta fadtéarmacha san Aontas. Beidh seiceálacha teorann i bhfeidhm, beidh sé riachtanach pasanna a stampáil, agus ní bheidh pasanna peataí an Aontais bailí a thuilleadh le haghaidh cónaitheoirí sa Ríocht Aontaithe.
- **Beidh deireadh le saorghluaiseacht earraí:** Beidh feidhm ag seiceálacha agus rialuithe custaim maidir le heaspórtálacha uile na Ríochta Aontaithe a thiocfaidh isteach san Aontas. Beidh ar choinsíneachtaí agraibhia na Ríochta Aontaithe deimhniú sláinte a bheith acu agus beidh orthu dul faoi rialuithe sláintíochta agus fíteasláintíochta ag pointí cigireachta teorann na mBallstát. Cuirfidh sin costas ama agus airgid ar ghnólachtaí na Ríochta Aontaithe.
- **Beidh deireadh le saorghluaiseacht earraí:** Ní bhainfidh soláthraithe seirbhíse na Ríochta Aontaithe leas as prionsabal na tíre tionscnaimh a thuilleadh. Beidh orthu cloí le rialacha – rialacha éagsúla – gach Ballstáit, nó athlonnú go dtí an tAontas más mian leo leanúint de bheith ag feidhmiú mar a dhéanann siad inniu. Ní thabharfar aitheantas frithpháirteach a thuilleadh do cháilíochtaí gairmiúla. Caillfidh gnólachtaí seirbhísí airgeadais na Ríochta Aontaithe a bpasanna seirbhísí airgeadais.

## An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe: Céard faoi ar thángthas ar comhaontú?

An 24 Nollaig 2020, tháinig idirbheartaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe ar "chomhaontú i bprionsabal" maidir le téacs comhaontaithe nua – "Comhaontú Trádála agus Comhair" – chun a gcaidreamh a rialú anois agus an tAontas fágtha ag an Ríocht Aontaithe. Caithfidh an dá pháirtí leanúint ar aghaidh anois le síniú agus daingniú an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin faoi seach, d'fhonn é a chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021.

Cé nach mbeidh an **comhaontú nua – Comhaontú nua Trádála agus Comhair – idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ag teacht, ar bhealach ar bith, leis an leibhéal comhair a bhí ann le linn don Ríocht Aontaithe a bheith ina Ballstát den Aontas**, téann sé **i bhfad níos faide ná comhaontuithe saorthrádála traidisiúnta** agus cuireann sé bonn daingean ar fáil chun ár gcairdeas agus an comhar atá eadrainn le fada an lá a chaomhnú.

Is éard atá ann:


1. **comhaontú saorthrádála** nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe,
2. **comhar** uaillmhianach **maidir le saincheisteanna eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus iascaigh,**
3. dlúth-chomhpháirtíocht le haghaidh **shlándáil na saoránach,**
4. creat **rialachais** uileghabhálach.

Tá sé le haithint ar an gComhaontú go bhfuil an Ríocht Aontaithe ag fágáil éiceachóras an Aontais Eorpaigh i ndáil le rialacha, sásraí maoirseachta agus forfheidhmithe comhchoiteanna, agus dá bhrí sin, nach bhféadfaidh sí leas a bhaint a thuilleadh as na tairbhí a bhaineann le ballraíocht ná as an margadh aonair.

Tugtar **cearta** do gach páirtí agus cuirtear **oibleagáidí** air, agus, lena linn sin, déantar a **neamhspleáchas rialála agus cinnteoireachta** á urramú go hiomlán.

Mar gur iarr an Ríocht Aontaithe é sin, ní chumhdaítear leis an gComhaontú comhar maidir le **beartas eachtrach, slándáil sheachtrach agus cosaint**, cé go ndearnadh foráil maidir leis sin ar dtús sa Dearbhú Polaitiúil.

Ina theannta sin, ní chumhdaítear leis an gComhaontú aon chinntí a bhaineann le coibhéis le haghaidh seirbhísí airgeadais. Ní chumhdaítear leis ach oiread cinntí a dhéanfaí maidir le leordhóthanacht chóras cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe, ná maidir le measúnú ar a chóras sláintíochta agus fíteasláintíochta chun críche í a liostú mar thríú tír a bhfuil cead aici táirgí bia a easpórtáil chuig an Aontas. Is é mar atá agus mar a bheidh **gur cinntí aontaobhacha iad sin de chuid an Aontais** agus ní bheidh siad faoi réir caibidlíochta.



# Socrú amháin, 4 phríomhcholún comhair

**Comhaontú nua – Comhaontú Trádála agus Comhair – idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe**

**Cúrsaí trádála, eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus iascaigh**

**Saorthrádáil, chóir inbhuanaithe**

- Trádáil in earraí, lena n-áirítear comhar custaim agus rialála
- Seirbhísí agus infheistíocht
- Trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil agus soláthar poiblí
- Rialacha maidir le hiomaíocht chóir agus inbhuanaitheacht

**Nascacht, inbhuanaitheacht, agus deiseanna comhroinnte**

- Iompar
- Fuinneamh
- Iascach agus acmhainní nádúrtha
- Comhordú na slándála sóisialta
- Cláir an Aontais
- Comhar téamach

**Slándáil na saoránach**

- Forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla
- Cosaint na gceart bunúsach agus sonraí pearsanta
- Malartú sonraí
- Frithsciúradh airgid

**Bearta aontaobhacha a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh**

Nach bhfuil faoi réir idirbheartaíochta:

- Cinneadh leordhóthanachta maidir le cosaint sonraí
- Liostú sláintíochta agus fhíteasláintíochta (SPS) na Ríochta Aontaithe mar thríú tír
- Coibhéis i seirbhísí airgeadais

**Creat nua rialachais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh comhar marthanach**

- Luachanna comhroinnte agus eilimintí ríthábhachta
- An Chomhairle Comhpháirtíochta
- Réiteach díospóidí, agus sásraí forfheidhmithe agus smachtbhannaí
- Athbhreithniú tréimhsiúil

## Saorthrádáil, chóir inbhuanaithe

Tá sé roghnaithe ag an Ríocht Aontaithe an Margadh Aonair agus an tAontas Custaim a fhágáil. Dá bhrí sin, ní féidir trádáil gan aon bhacainní a dhéanamh leis an Aontas a thuilleadh. Mar sin féin, leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, cruthaítear limistéar saorthrádála ar leibhéal uaillmhéine nach bhfacthas cheana, rud a rachaidh chun tairbhe níos suntasaí don dá thaobh i gcomparáid leis an trádáil a dhéanfaí dá mbeifí faoi théarmaí na hEagraíochta Domhanda Trádála.

Tá an Comhaontú ar cheann de na beartais trádála is nua-aimseartha agus is inbhuanaithe dá bhfuil ann. Cuireann sé de cheangal ar an dá pháirtí cloí le **caighdeáin arda chomhchoiteanna** lena chinntítear cosaint an tsaothair agus caighdeáin shóisialta, cosaint an chomhshaoil, an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear praghsáil charbóin, agus trédhearcacht chánach. Tá prionsabail mhionsonraithe ann freisin maidir le **Státchabhair** lena dtoirmisctear ar an dá thaobh fóirdheontais éagóracha a shaobhann an trádáil a dheonú.

Tá baint ag na caighdeáin agus na prionsabail sin le **sásraí forfheidhmiúcháin intíre agus réitigh díospóidí** chun a chinntiú go mbeidh **cothrom iomaíochta** ag gnólachtaí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Tá sé de cheart ag na páirtithe bearta aontaobhacha a dhéanamh chun a ngeilleagair a chosaint ar iomaíocht éagórach ón bpáirtí eile.

Téann an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe níos faide ná na comhaontuithe saorthrádála a rinne an tAontas Eorpach le tríú tíortha le déanaí, Ceanada nó an tSeapáin mar shampla, trí fhoráil a dhéanamh maidir le **taraifí nialais agus cuótaí nialais** ar na hearraí uile. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás earraí íogaire ar nós táirgí talmhaíochta agus iascaigh. Mar shampla, gan an comhaontú, ghearrfaí taraifí os cionn 40 % faoi rátaí na hEagraíochta Domhanda Trádála ar easpórtálacha áirithe feola nó déiríochta nó 25 % i gcás iasc stánaithe – easpórtálacha chuig an Aontas agus chuig an Ríocht Aontaithe araon. Bheadh easpórtálacha gluaisteán buailte le taraif 10 % freisin.

Chun tairbhe a bhaint as na fabhair thrádála eisceachtúla sin, ní mór do ghnólachtaí a chruthú go gcomhlíonann a dtáirgí na ceanglais uile is gá maidir le '**rialacha tionscnaimh**'. Cinntítear leis sin go rachaidh na fabhair thrádála a dheonaítear faoin gComhaontú chun tairbhe d'oibreoirí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe seachas d'oibreoirí tríú tír, rud a chuireann cosc ar dhul timpeall ar na rialacha. Chun comhlíonadh a éascú agus rómhaorlathas a laghdú, leis an gComhaontú is féidir le trádálaithe féindeimhniúchán a dhéanamh ar thionscnamh na n-earraí agus déantar foráil maidir le carnadh iomlán (is féidir le trádálaithe cuntas a thabhairt ní hamháin ar na hábhair thionscnaimh a úsáideadh, ach ina theannta sin, má rinneadh an phróiseáil sa Ríocht Aontaithe nó san Aontas Eorpach, é sin a thuairisciú chomh maith).

Déanfar **nósanna imeachta custaim** a shimpliú faoin gComhaontú, mar atá comhaontaithe ag an dá Pháirtí, e.g. aitheantas a thabhairt do chláir a chéile le haghaidh trádálaithe iontaofa ("Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe"). Mar sin féin, de bhrí gur chinn an Ríocht Aontaithe an tAontas Custaim a fhágáil, beidh feidhm ag seiceálacha maidir leis na hearraí uile a thrádálfar. Chomhaontaigh na Páirtithe freisin oibriú i gcomhar le chéile chun dleachtanna custaim a aisghabháil, agus sa chomhrac in aghaidh calaois CBL agus in aghaidh calaois cánacha indíreacha eile.

Cuirfidh an Comhaontú cosc ar **bhacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil**, e.g. trí fhoráil a dhéanamh d'fhéindearbhú maidir le comhlíonadh rialála i gcás táirgí a mbaineann riosca íseal leo agus trí éascú le haghaidh táirgí sonracha eile a bhfuil leas frithpháirteach ag baint leo, mar shampla comhpháirteanna gluaisteán, fíon, orgánaigh, táirgí cógaisíochta agus ceimiceáin. Mar sin féin, beidh ar gach earra de chuid na Ríochta Aontaithe a thiocfaidh isteach san Aontas ardchaighdeáin rialála an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear na caighdeáin maidir le sábháilteacht bia (caighdeáin sláintíochta agus fíteasláintíochta) agus sábháilteacht táirgí.

Maidir leis an **trádáil i seirbhísí** , tá leibhéal oscailteachta comhaontaithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe a bheireann barr ar an méid atá i bhforálacha Chomhaontú Ginearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Trádáil i Seirbhísí (GATS), ach a thugann san áireamh an fhíric nach mbainfidh an Ríocht Aontaithe leas a thuilleadh as an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ar fud an Aontais.

Rinneadh socruithe **chun turais ghearrthéarmacha ghnó agus iasachtaí sealadacha fostaithe ardoilte** a éascú. Maidir le soláthraithe seirbhísí de chuid an Aontais ar mian leo seirbhísí a chur ar fáil sa Ríocht Aontaithe, ní chaithfear leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibreoirí na Ríochta Aontaithe i réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú, fad go gcomhlíonann siad rialacha na Ríochta Aontaithe.

Ar an gcaoi chéanna, beidh ar sholáthraithe seirbhíse na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach na rialacha maidir le tíortha óstacha i ngach Ballstát a chomhlíonadh, agus ní fhéadfaidh siad leas a bhaint as prionsabal na tíre tionscnaimh, as **aitheantas frithpháirteach** (e.g. cáilíochtaí gairmiúla), ná as **cearta pas** le haghaidh seirbhísí airgeadais. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse agus infheisteoirí na Ríochta Aontaithe iad féin a bhunú san Aontas chun seirbhísí a thairiscint ar fud an Mhargaidh Aonair.

De réir an ghnáthchleachtais, déantar roinnt earnálacha a eisiamh ón gcomhaontú maidir le seirbhísí: seirbhísí poiblí, seirbhísí leasa ghinearálta, roinnt seirbhísí iompair agus seirbhísí **closamhairc** chun an éagsúlacht chultúrtha a chaomhnú.

## Nascacht, iascach, inbhuanaitheacht agus deiseanna comhroinnte

Foráiltear freisin sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le comhar leathan eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil i réimsí leasa frithpháirtigh. Leis an gcomhar sin ní dhéantar na buntáistí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a mhacasamhlú ar bhealach ar bith, ach, maidir le naisc a bhrisfí ar bhealach eile de dheasca imeacht na Ríochta Aontaithe cheal réiteach tacaíochta idirnáisiúnta malartach, cuidítear leis na naisc sin a atógáil.

Is ríthábhachtach é **an t-iompar** chun tairbhí eacnamaíocha a bhaint amach sa chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Iompraítear tuairim is 210 milliún paisinéir agus 230 milliún tona lasta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gach bliain. Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, cinnteofar leanúnachas na nascachta aeir, bóthair agus muirí, agus ar an gcaoi sin tacófar leis na sreabha iompair sin. Rud is tábhachtach faoin gComhaontú go bhfuil forálacha ann chun a chinntiú go mbeidh **cothrom iomaíochta** idir oibreoirí an Aontais agus oibreoirí na Ríochta Aontaithe, rud a chinnteoidh go mbainfear amach ardleibhéil ar feadh a mbaineann leis an tsábháilteacht iompair, le cearta oibrithe agus paisinéirí, agus le cosaint an chomhshaoil.

Maidir leis **an eitlíocht**, ní mheasfar aerlínte na Ríochta Aontaithe a bheith ina n-iompróirí de chuid an Aontais a thuilleadh agus caillfidh siad na cearta tráchta a bhí acu san Aontas. Beidh iompróirí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe in ann paisinéirí agus lastas a iompar gan teorainn idir pointí san Aontas Eorpach agus pointí sa Ríocht Aontaithe ('an $3^{ú}$ saoirse agus an $4^{ú}$ saoirse'). Maidir le hiompar ar aghaidh ('an $5^{ú}$ saoirse'), beidh sin indéanta i gcás iompar lasta chuig tríú tír nó ó thríú tír (e.g. Páras-Londain-Nua Eabhrac), má chomhaontaíonn na Ballstáit é sin go déthaobhach agus go cómhalartach leis an Ríocht Aontaithe. Cinntítear freisin leis an gComhaontú go mbeidh comhar ann maidir le sábháilteacht, slándáil agus bainistiú aerthráchta.

Maidir leis an **iompar de bhóthar**, beidh tarlóirí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe in ann lasta a iompar go dtí aon phointe i gcríoch an pháirtí eile, agus ó aon phointe i gcríoch an pháirtí eile, ar choinníoll go mbeidh caighdeáin arda chomhaontaithe maidir le sábháilteacht agus dálaí oibre á gcomhlíonadh acu. Ina theannta sin, beidh siad in ann dhá oibríocht bhreise a dhéanamh laistigh de chríoch an pháirtí eile (agus is aon oibríocht chabatáiste amháin an t-uasmhéid i gcás tarlóirí de chuid na Ríochta Aontaithe), rud a chuireann teorainn leis an riosca go mbeadh orthu filleadh ar ais gan aon lód. Déantar foráil sa Chomhaontú freisin le haghaidh cearta iomlána idirthurais (e.g. an ceart atá ag tarlóirí Éireannacha an Ríocht Aontaithe a thrasnú chun an chuid eile den Aontas a bhaint amach).

Maidir le **fuinneamh**, le himeacht na mblianta tá margaí fuinnimh an Aontais agus na Ríochta Aontaithe éirithe fite fuaite ina chéile a bhuí le hidirnascairí (cáblaí leictreachais agus píblínte gáis) a tógadh eatarthu. Cé nach mbeidh tairbhe chearta an Mhargaidh Aonair ag an Ríocht Aontaithe a thuilleadh, éascóidh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an leanúnachas sna sreabha fuinnimh – rud atá ríthábhachtach d'fheidhmiú an dá gheilleagar – trí shocruithe trádála nua a chur i bhfeidhm thar idirnascairí. Bunaítear freisin, leis an gComhaontú, creat uaillmhianach don chomhar maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite agus maidir le dul i ngleic leis an **athrú aeráide** (agus tá foráil ann a chuirfeadh an comhaontú ar fionraí dá sáródh ceachtar den dá thaobh a thiomantas do Chomhaontú Pháras maidir leis an aeráid). Déantar foráil freisin, le comhaontú ar leith, le haghaidh comhar fairsing maidir le húsáid shábháilte shíochánta an fhuinnimh **núicléach**.

Maidir leis an **iascach**, leagtar amach sa Chomhaontú socruithe nua chun comhbhainistiú a dhéanamh ar bhreis agus 100 stoc éisc a bheidh á gcomhroinnt in uiscí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Faoin gComhaontú, coinneoidh soithí iascaireachta an Aontais an leibhéal rochtana atá acu faoi láthair ar uiscí na Ríochta Aontaithe go ceann idirthréimhse 5.5 bliain, agus déanfar laghdú ina dhiaidh sin, de réir a chéile agus ar mhodh cothromaíoch, ar chuótaí an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe. Uaidh sin amach, reáchtálfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin bhliantúla chun teacht ar chomhaontú maidir le deiseanna iascaireachta, d'fhonn iascaigh agus acmhainní mara a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, agus chun é sin a dhéanamh ar bhealach a chaomhnóidh gníomhaíochtaí agus slite beatha na bpobal iascaireachta atá ag brath ar na huiscí agus ar na hacmhainní sin.

Déantar foráil sa Chomhaontú le go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith rannpháirteach sna **cláir chistiúcháin de chuid an Aontais** arb aidhm dóibh tairbhí frithpháirteacha a ghiniúint i réimsí an taighde agus na nuálaíochta agus an spáis. Is iad seo a leanas na cláir: Fís Eorpach, clár Taighde agus Oiliúna Euratom, an tsaoráid tástála comhleá ITER, Copernicus, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí Faireachais agus Rianaithe Satailíte (SST) an Aontais.

Tá roinnt beart sa Chomhaontú atá dírithe ar an g**comhordú slándála sóisialta** agus go háirithe ar chosaint a thabhairt do na teidlíochtaí atá ag saoránaigh de chuid an Aontais a bheidh ag fanacht sa Ríocht Aontaithe, ag aistriú go dtí an Ríocht Aontaithe nó ag obair inti ar bhonn sealadach agus do na teidlíochtaí atá ag náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe a bheidh ag fanacht sa Aontas Eorpach, ag aistriú go dtí an tAontas nó ag obair ann ar bhonn sealadach tar éis an 1 Eanáir 2021. Cumhdaítear réimse leathan sochar, agus orthu sin tá pinsin seanaoise agus pinsin marthanóirí, sochair cúraim sláinte (e.g. an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte), sochair réamhscoir, sochair mháithreachais/atharthachta a bhaineann le breith linbh, nó sochair a bhaineann le tionóiscí ag an obair.

## Creat nua do shlándáil ár saoránach

Is tosaíocht chomhroinnte i gcónaí é a chinntiú go mbeidh sábháilteacht agus slándáil ag saoránaigh an Aontais agus na Ríochta Aontaithe in aghaidh bagairtí comhchoiteanna agus ina aghaidh bagairtí atá ag teacht chun cinn – an choireacht trasteorann agus an sceimhlitheoireacht, mar shampla – más amhlaidh féin gur chinn an Ríocht Aontaithe an tAontas a fhágáil agus a bheith ina tríú tír lasmuigh de limistéar comhair Schengen, rud a fhágann go bhfuil sí eisiata ó limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais.

Agus na nithe sin amhlaidh, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go mbunóidís **creat nua d'fhorfheidhmiú an dlí agus don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla**, rud a fhágann go mbeifear in ann comhar láidir a chur ar bun idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha náisiúnta, agus sonraí ríthábhachtacha a mhalartú go mear.

Maidir le dlúthchomhar cuimsitheach le haon tríú tír i réimse na póilíneachta agus na breithiúnachta, ní mór ráthaíochtaí daingne marthanacha a bheith ag gabháil leis an gcomhar sin a ráthóidh **cosaint do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha daoine aonair**. Dá bhrí sin, sa Chomhaontú, tá gealltanas tugtha ag an Aontas, ag a Bhallstáit agus ag an Ríocht Aontaithe leanúint de chosaint a thabhairt do chearta bunúsacha – do na cearta sin atá leagtha amach sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, mar shampla – agus tá gealltanas tugtha acu éifeacht a thabhairt don chosaint sin ina ndlínsí baile féin. I gcás nach gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe na gealltanais sin, beidh an tAontas in ann an comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus in ábhair bhreithiúnacha a chur ar fionraí. Ina theannta sin, tá gealltanas tugtha sa Chomhaontú ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe go gcloífidh siad le hardleibhéil maidir le caighdeáin cosanta sonraí. Déanfar é sin a fhíorú trí chinntí leordhóthanachta a dhéanfaidh gach taobh go haontaobhach.

Tá **an chomhroinnt sonraí** agus an anailís sonraí mhear éifeachtach ina gcroíchodanna d'fhorfheidhmiú an dlí sa chomhrac in aghaidh cineálacha tromchúiseacha coireachta, sceimhlitheoireachta agus cibearchoireachta idirnáisiúnta. Is amhlaidh, áfach, nach mbeidh rochtain dhíreach fhíor-ama ag an Ríocht Aontaithe a thuilleadh ar bhunachair sonraí íogaire de chuid an Aontais atá ina dtaca ag limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais – ós rud é nach gcuirtear an rochtain sin ar fáil ach do na Ballstáit, agus do thíortha atá i ndlúthchomhlachas leo, a ghabhann orthu na hoibleagáidí uile a ghabhann leis sin. Mar sin féin, tá socruithe uaillmhianacha sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le sonraí aerphaisinéirí (ar a dtugtar Taifid Ainmneacha Paisinéirí nó PNR), faisnéis faoi thaifead coiriúil, maille le sonraí DNA, sonraí méarlorg agus sonraí cláraithe feithiclí ('sonraí Prüm') a mhalartú go tráthúil, éifeachtach, éifeachtúil agus ar bhonn cómhalartach.

Faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe beifear in ann comhar éifeachtach a dhéanamh idir an Ríocht Aontaithe agus **Europol agus Eurojust**, i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh tríú tíortha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Beidh sé sin ina chuidiú lena chinntiú go mbeidh acmhainní láidre ann chun dul i ngleic le coireacht trasteorann thromchúiseach.

Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, beidh údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha an Aontais agus na Ríochta Aontaithe in ann oibriú i gcomhar láidir – a bhuí leis sin, beifear in ann, cuir i gcás **coirpigh a thabhairt suas** go tapa, nósanna imeachta fadálacha eiseachadta a sheachaint a bhuí le próisis chuíchóirithe, cloí le spriocdhátaí dochta, coimircí láidre a chur ar fáil, agus tacú le cearta nós imeachta agus leis an rialú breithiúnach. Níl a shárú sin de chomhar le fáil i gcás aon tríú tír eile atá lasmuigh de limistéar Schengen. Dá ainneoin sin, faoin gComhaontú is féidir leis an Ríocht Aontaithe nó le Ballstáit an Aontais tabhairt suas a dhiúltú nó coimircí breise a iarraidh i roinnt cásanna sonracha, eadhon i leith a gcuid náisiúnach féin.

Ar deireadh, déantar foráil sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe le haghaidh comhar maidir le **sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac**.

## Creat nua rialachais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh comhar marthanach

Mar bhuntaca faoin gcomhpháirtíocht nua eacnamaíoch agus faoin gcomhpháirtíocht nua slándála inmheánaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, tá caibidil maidir leis an rialachas sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, caibidil ina dtugtar soiléireacht faoin gcaoi a n-oibreofar agus a bhforfheidhmeofar an Comhaontú. Ceapadh a bhfuil sa chaibidil sin ar dhóigh a fhágann go bhfuil an tsolúbthacht agus an inoiriúnacht ann chun freagairt do riachtanais shonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí éagsúla.

I bhfianaise raon feidhme agus chastacht an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, d'áitigh an tAontas go raibh gá le **creat rialachais aonair** lena gcumhdófaí an Comhaontú ina iomláine. Is é sin an t-aon bhealach amháin chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do ghnólachtaí, do thomhaltóirí agus do shaoránaigh, agus ag an am céanna an maorlathas breise a sheachaint a thiocfadh den iliomad struchtúr comhthreomhar.

Déanfaidh **Comhairle Comhpháirtíochta** maoirseacht ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. Is ionadaithe ar an Aontas Eorpach agus ar an Ríocht Aontaithe a bheidh ina gcomhaltaí uirthi, agus tiocfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta le chéile i bhfoirmíochtaí éagsúla, ag brath ar an ábhar a bheifear a mheá. Is í an fóram í ina bpléifidh na páirtithe aon saincheist a thiocfadh chun cinn, agus beidh de chumhacht aici cinntí ceangailteacha a dhéanamh de chomhthoil. Cuideoidh Coistí Speisialaithe agus Meithleacha léi ina cuid oibre.

Mura féidir leis an Aontas Eorpach agus leis an Ríocht Aontaithe easaontas a réiteach, eatarthu féin, féadfar binse eadrána neamhspleách a bhunú chun an t-ábhar a réiteach trí bhíthin rialú ceangailteach. Cumhdaítear leis an **sásra um réiteach díospóidí** cothrománach sin an formhór de réimsí an Chomhaontaithe, lena n-áirítear an cothrom iomaíochta agus an t-iascach.


Tá **sásraí forfheidhmithe agus coimirce** atá creidiúnach stóinsithe ag gabháil leis, lena n-áirítear an fhéidearthacht gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh a chur ar fionraí, e.g. trí tharaifí agus/nó cuótaí a thabhairt isteach an athuair san earnáil lena mbaineann. Ina theannta sin, beidh an dá pháirtí in ann frithbhearta a fheidhmiú mura gcomhlíonfaidh an páirtí eile rialú a rinne binse eadrána neamhspleách. Cuir i gcás, má dhéanann páirtí amháin sárú a bhaineann le hearnáil eacnamaíoch ar leith, féadfaidh an páirtí eile frithbhearta a fheidhmiú in earnálacha eacnamaíocha eile. Ar deireadh, i gcás aon sárú substaintiúil ar oibleagáidí a chumhdaítear mar "eilimintí ríthábhachta" den Chomhaontú (an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, an urraim do luachanna daonlathacha agus do chearta bunúsacha, nó an neamhleathadh), is féidir an Comhaontú iomlán idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, nó cuid de, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

# Cúlra

An **23 Meitheamh 2016**, reáchtáil an Ríocht Aontaithe reifreann inar vótáil tromlach ar son an tAontas Eorpach a fhágáil (51.9 % ar son an tAontas Eorpach a fhágáil agus 48.1 % ar son fanacht ann). Tar éis trí bliana de chaibidlíocht, tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le Comhaontú um Tharraingt Siar ina leagtar amach na téarmaí maidir le himeacht rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus lena dtugtar deimhneacht dhlíthiúil i réimsí tábhachtacha, ar a n-áirítear na nithe seo a leanas: cearta saoránach a chosaint, teorainn chrua ar oileán na hÉireann a sheachaint agus socrú airgeadais.

Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an **1 Feabhra 2020** agus **scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina ball den Aontas Eorpach**. Mar sin féin, rinneadh foráil sa Chomhaontú um Tharraingt Siar le haghaidh **idirthréimhse** a mhairfidh go dtí an 31 Nollaig 2020, idirthréimhse a leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige, ar feadh na hidirthréimhse sin, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. Bhain an tAontas agus an Ríocht Aontaithe úsáid as an tréimhse sin de *status quo* chun caibidlíocht a dhéanamh maidir le comhpháirtíocht le haghaidh na todhchaí.





Ar thaobh an Aontais Eorpaigh, bhí an chaibidlíocht faoi stiúir **Michel Barnier, Príomh-Idirbheartaí** an Choimisiúin Eorpaigh agus an Tascfhórsa um an gCaidreamh leis an Ríocht Aontaithe (UKTF), ar bhonn sainordú caibidlíochta a shocraigh an Chomhairle, le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa.

Ar feadh na caibidlíochta sin, chinntigh an Coimisiún Eorpach go raibh an **próiseas an-trédhearcach agus an-inchuimsitheach**, agus chuige sin thionól sé cruinnithe rialta leis na **27 mBallstát**, le **Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta**, agus, fairis sin, le comhlachtaí comhairliúcháin an Aontais, leis na **páirtithe leasmhara** agus leis an tsochaí shibhialta, agus d'fhoilsigh sé ar a shuíomh gréasáin na doiciméid uile a bhí ábhartha don chaibidlíocht.

Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh

© An tAontas Eorpach, 2020

Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí leis agus go léirítear na hathruithe a dhéantar (Ceadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun gnéithe nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin.

Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.

Print ISBN 978-92-76-27060-7 doi:10.2775/637490 KA-06-20-104-GA-C
PDF ISBN 978-92-76-27037-9 doi:10.2775/54737 KA-06-20-104-GA-N